V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10811 — INPEX / SC / SEML)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 265/05)

1. An 4 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— INPEX CORPORATION ("INPEX", an tSeapáin),

— Sumitomo Corporation ("SC", an tSeapáin),

— PT Supreme Energy Muara Laboh ("SEML", an Indinéis).

Gheobhaidh INPEX agus SC rialú comhpháirteach ar SEML de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta thaiscéalaíochta agus táirgthe é INPEX agus is i dTóiceo na Seapáine atá a cheanncheathrú. Bíonn sé i mbun taighde, taiscéalaíochta, forbartha, táirgthe agus díolacháin ola, gáis nádúrtha, agus acmhainní mianraí eile agus infheistíonn sé freisin i gcuideachtaí atá gníomhach sna réimsí sin.

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadail é SC, agus is i dTóiceo na Seapáine atá a cheanncheathrú. Feidhmíonn SC ar fud an domhain agus tá sé gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear: (i) táirgí miotail; (ii) córais iompair agus tógála; (iii) tionscadail bhonneagair; (iv) na meáin agus an earnáil dhigiteach; (V) tithíocht agus maoin réadach; agus (vi) acmhainní mianraí, fuinneamh, ceimiceáin agus leictreonaic.

— Tá gléasra geoiteirmeach i gCúige Sumatra Thiar na hIndinéise atá faoi úinéireacht agus atá á oibriú ag an gcuideachta SEML, agus díolann SEML an leictreachas a tháirgeann sé go heisiach leis an fóntas leictreachais atá faoi úinéireacht stáit na hIndinéise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10811 — INPEX / SC / SEML

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.